Gaelscoil Bheanntraí

An Seisceann, Beanntraí
Co. Chorcaí P75 VE44
Guthán: 027/51966
info@gaelscoilbheanntrai.ie
www.gaelscoilbheanntrai.ie

Uimhir Rolla 20001N

# Cód Iompair & Smachta

# (Code of Behaviour & Discipline)

## 1. AIDHMEANNA – AIMS

Tá sé mar aidhm ag an gCód a chinntiú go gcuirfear indibhidiúlacht gach uile pháiste san áireamh agus go nglacfar ag an am gcéanna le ceart an pháiste oideachais a fháil i dtimpeallachta atá réasúnta saor ó iompar toirmeasach. Tá sé mar aidhm leis, ag an gCód Iompair agus Smachta i nGaelscoil Bheanntraí a chinntiú:

A. go gcothófar feidhmiú éifeachtach na scoile agus dea-smacht ins na ranganna chun go gcoinneofar atmaisféar spreagúil foghlama.
B. gcoiméadfar ardchaighdeán smachta ar fud na scoile agus meas ar thimpeallacht na scoile.
C. go gcothófar féinsmacht ins na daltaí agus é bunaithe ar mheas agus ar tuiscint dá chéile.
D. go mbeadh múinteoirí ag múineadh go h-éifeachtach in atmaisféar dearfach.

*The aim of the code is to ensure that the individuality of each child is accommodated while acknowledging the right of each child to an education in a relatively disruption-free environment. The Code of Behaviour and Discipline of Gaelscoil Bheanntraí is designed to:*

*A. maintain the efficient operation of the school and the structuring of in-class discipline so that there exists an efficient and stimulating learning environment.*
*B. preserve good order through the school and respect for the school environment.*
*C. promote the development of self-discipline in pupils based on consideration, respect and tolerance of others.*
*D. ensure that teachers can teach in a disruption-free environment.*

## 2. CUR I BHFEIDHM - IMPLEMENTATION

A. Déanfaidh baill uile na foirne gach iarracht cur chuige dearfach a chur i bhfeidhm ar chúrsaí iompair na scoile. Cuireann an cód creatlach ar fáil ionas go mbainfidh oidí úsáid as teichníochtaí dearfacha chun na daltaí a spreagadh agus a mhealladh.

   *Every effort will be made by all members of staff to adopt a positive approach to the question of behaviour in the school. The code offers a framework within which positive techniques of motivation and encouragement are utilised by teachers.*

B. Is ar an bPríomhoide atá iomlán freagrachta i leith h-araíonachta taobh istigh den scoil. Tá sé de dhúlgas ar gach múinteoir aríonacht a chothú, taobh istigh dá sheomra ranga féin agus san am céanna freagracht i gcomhpháirt le múinteoirí eile a ghlacadh i gcúrsaí dea-riair taobh istigh d'áitreabh na scoile. Cuirfear dalta chuig an bPríomhoide de bharr mórshárú riailbhéasa agus de bharr beagshárú riailbhéasa a tharlaíonn go rialta.

   *The overall responsibility for discipline within the school rests with the Principal. Each teacher has responsibility for the maintenance of discipline within his/her classroom while sharing a common responsibility for good order within the school premises. A pupil will be referred to the Principal for serious breaches of discipline and for repeated incidents of minor misbehaviour.*

C. Sa mhéid go gcreidtear gurb iad na scoileanna is éifeachtaí ná na cinn a chothaíonn an caidreamh is fearr le tuismitheoirí/caomhnóirí, déanfaidh an Príomhoide agus an fhoireann ar fad gach iarracht féachaint chuige go gcoimeádtar tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas - ní hamháin nuair a bhíonn a gcuid páistí i dtrioblóid ach nuair a bhíonn na béasaí ar fheabhas acu chomh maith.

   *In the belief that the most effective schools tend to be those with the best relationships with parents/guardians, every effort will be made by the Principal and all of the school's staff to ensure that parents/guardians are kept well-informed, the school provides a welcoming atmosphere towards parents/guardians and that parents/guardians are not only told when their children are in trouble but when they have behaved particularly well.*

## 3. TREOIRLÍNTE LE H-AGHAIDH DEA-IOMPAIR – GUIDELINES FOR POSITIVE BEHAVIOUR

Ba chóir go léireodh iompar phobail na scoile na tréithe seo a leanas:
*Members of the School Community should display the following:*

- Meas orthu féin agus daoine eile
- Cineáltas agus toilteanas cabhrú le dhaoine eile
- Cúirtéis agus béasaí
- Cothromaíocht
- Fadhbanna a réiteach le meas ar dhaoine eile
- Maithiúnas a thaispeáint

- *Respect for self and others*
- *Kindness and willingness to help others*
- *Courtesy and good manners*
- *Fairness*
- *Use respectful ways of resolving differences*
- *Show forgiveness*

## 4. RIALACHA NA SCOILE – SCHOOL RULES

1. **Is í an Ghaeilge teanga cumarsáide na scoile** agus ní mór do gach páiste ó Rang na Naíonán Mhóra ar aghaidh í a labhairt. Beifear ag súil go dtabharfaidh na tuismitheoirí gach spreagadh do na leanaí agus go ndéanfaidh siad féin iarracht leis í a labhairt, go mórmhór i dtimpeallacht na scoile.

***Irish is the spoken language of the school*** *from Senior Infants on, all children are required to speak it. It is expected that parents will give the children every encouragement and endeavour to use whatever Irish they have, especially in the school surroundings.*

2. Tá sé tábhachtach do na páistí bheith in am don scoil. Ní mór d'aon dalta a bhíonn déanach nó as láthair nóta a thabhairt don mhúinteoir ranga an lá dár gcionn.

*Is it essential that the children are in time for school. A child who is late or absent is required to give an explanatory note in the Dialann Scoile the following day.*

3. Ní mór do gach dalta an éide scoile cheart a chaitheamh. Iarrtar orthu culaith reatha na scoile agus bróga reatha a chaitheamh Laethanta an Chorpoideachais.

*The children must wear the full school uniform. They are expected to wear the school tracksuit and running shoes of P.E. days.*

4. Ba cheart do gach dalta lón folláin a thabhairt ar scoil. Tá polasaí lón folláin sa scoil agus ar fáil ar suíomh idirlíon na scoile. Tá cosc iomlán ar guma cogainte sa scoil.

*All children should bring a wholesome lunch to school. There is a healthy lunch policy in place and this is available on the school website. Chewing gum is not allowed in the school.*

5. Iarrtar ar na páistí a chinntiú go dtabharfaidh siad a gcuid uirlisí ceoil agus éide spóirt ar scoil nuair is cuí agus go gcoimeádfaidh siad a leabhair agus gcóipleabhair néata i gcónaí.

*All pupils are expected to keep their books/copybooks neat and tidy and remember to bring their sports gear and musical instruments to school on the appropriate days.*

6. Táthar ag súil go ndéanfaidh gach dalta a (h)obair bhaile i gceart. Ba chóir go mbeadh an obair seo sínithe ag tuismtheoir/caomhnóir. Munar féidir leis an bpáiste an obair a dhéanamh, ba cheart don tuismitheoir nóta míniúcháin a chur sa Dhialann Scoile.

*Each child is expected to complete his/her homework properly. A parent/guardian should sign this work. If for some reason a child cannot do his/her work, the parent should put an explanatory note in the child's Homework Journal.*

7. Iarrtar ar na daltaí bheith dea-bhéaseach i gcónaí lena chéile, le foireann na scoile agus le cuairteoirí chun na scoile. Cuirtear cosc ar aon sórt drochiompar a tharrangódh drochainm ar an scoil.

*The children are expected to be courteous at all times to one another, to the school staff and to visitors to the school. Misconduct in any form, which brings the school and the school community into disrepute, is forbidden.*

8. Ní foláir do na páistí meas a bheith acu ar shealúchas na scoile agus ar shealúchas dhaoine eile agus an scoil a choimeád slachtmhar.

*Children must respect school property and other people's belongings and keep the school neat and tidy.*

9. Ní cheadaítear do pháiste cluichí nó earraí luachmhara a bhreith leo ar scoil agus má tharlaíonn aon damáiste d'aon saghas dá leithéid ar scoil, is cuma conas nó cé faoi ndeara é, ní bheidh an scoil freagrach as.

*Parents and pupils should take note that pupils are prohibited from bringing onto the school premises, or its immediate environs, any valuables or expensive games. The school authorities disclaim any liability or any responsibility for damage caused to same.*

10. Iarrtar ar dhaltaí gan rith go dainséarach nó bheith garbh sa chlós. Ní mór dóibh bheith ciúin aon uair a bhíonn siad ina gcuid línte.

*Pupils are not allowed to run dangerously or engage in rough play in the school yard. They are expected to be quiet and orderly whenever they are in their assembled class lines.*

11. Ní tugtar cead do pháistí an scoil a fhágaint ar a dtoil féin i gcaitheamh an lae scoile. Má bhíonn ar thuismitheoir teacht agus páiste a bailiú go luath ní mór fógra a thabhairt

don mhúinteoir ranga nó don Phríomhoide roimh ré. Tá spás sa Dialann Scoile chuige seo.

*Pupils are not permitted to leave the school unaccompanied during the school day. If it is necessary to collect a child early, the Principal or Class teacher should be informed in advance. Notes may be written in the appropriate page of the Dialann Scoile.*

12. Iarrtar ar pháiste pé rialacha atá tugtha isteach ag an mBord Bainistíochta chun freagairt ar threoracha nua is atá molta ag na hÚdaráis mar an Roinn Oideachas is an FSS.

*Children are asked to observe all rules implemented by the Board in response to instructions from the relevant authorities such as the DES and the HSE.*

## 5. BULAÍOCHT – BULLYING

"Séard is bhulaíocht ann ná ionsaí leanúnach, labhartha, síceolaíoch nó fisiciúil, á dhéanamh ag duine aonar nó ag grúpa ar dhaoine eile. Ní hairítear ionsaí uair umá seach mar bhulaíocht cé nach dtabharfar cluasbhodhar dó. Ach bíodh sin mar atá nuair a leanann an iompar seo d'aon ghnó 'sé atá ann ná bulaíocht".

"*Bullying is repeated aggression, whether verbal, psychological or physical, conducted by an individual or group against others. Isolated incidents of aggressive behaviour, which cannot be ignored can scarcely be described as bullying. However, when the behaviour is systematic and ongoing, it is bullying". (Dept of Education Guidelines on Counteracting Bullying Behaviour)*

Tá cosc ar aon sórt bhulaíochta is cuma taobh istigh nó taobh amuigh de suíomh na scoile. Fiosraítear is coimeádtar cuntas ar gach tuairisc ar bhulaíocht fiú más beagthábhacht iad agus déanann na múinteoirí plé leo. Moltar sa scoil tuairisc a thabhairt ar an heachtraí seo. Cuirtear cásanna bhulaíochta tromchúiseacha faoi bhráid an Phríomhoide. Cuireann an Príomhoide thuismitheoirí nó caomhnóirí na bpáistí lena mbaineann sé ar an eolas ionas go mbeadh sé ar a gcumas oibriú leis an scoil chun gach tacaíocht a thabhairt dá bpáistí. Leanann an scoil seo an Polasaí Frithbhulaíochta.

*Bullying behaviour in any form, whether inside or outside the school premises, is forbidden. All reports of bullying, no matter how trivial, are noted, investigated and dealt with by teachers. Reporting of such incidents is encouraged in the school. Serious cases of bullying behaviour by pupils are referred to the Principal. Parents or guardians of the children involved are informed by the Principal so that they are in a position to work with the school to help and support their children. This school follows the Anti-Bullying Behaviour Policy.*

## 6. DEA-IOMPAR A CHOTHÚ: STRAITÉISÍ – AFFIRMING POSITIVE BEHAVIOUR: STRATEGIES

Cabhraíonn dea-thimpeallacht shoisialta sa seomra ranga chun na spriocanna foghlama agus soisialta atá socraithe ag an múinteoir do na daltaí a bhaint amach. Chun páistí a spreagadh i leith dea-iompar, dírimid ar cur chuige dearfach i gcónaí sa rang agus ar fud na scoile.

*Fostering a positive environment in the classroom contributes to both the learning and social goals the teacher has set for pupils. Teachers provide a good role model from problem solving and dealing with conflict situations, whilst implementing a whole school approach.*

Déanann an Príomhoide agus múinteoirí na scoile an Cód Iompar a mhíniú go rialta. Ag tús gach scoilbhliain, déanann gach múinteoir rialacha ranga a cheapadh leis na daltaí. Mar thoradh ar son cothaítear, comhthuiscint ar an slí a n-iompraíonn na páistí iad féin agus ar a gcaidreamh lena chéile. Scríobhtar na rialacha i bhfocail dearfach agus bíonn siad ar taispeáint go soiléir. Líon beag rialacha a bhíonn ann, oiriúnach don aois agus do dhiofríochtaí aonair. Cuirtear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas go luath maidir le mí-iompraíocht.

*The Principal and the teachers explain the Code of Behaviour and Discipline on a regular basis. At the beginning of each academic year, each class teacher will draft a list of class rules with the pupils. Positive behaviour is emphasised. Rules are kept to a minimum. Rules will be applied in a fair and consistent manner, taking age of pupils and individual differences into account. Parents/guardians will be consulted at an early stage where difficulties arise.*

Déanaimid ár ndícheall i nGaelscoil Bheanntraí aitheantas a thabhairt don dea-iompar – á moladh agus á spreagadh nuair is féidir. Tá réimse straitéisí leagtha amach againn d'fhonn an sprioc seo a chomhlíonadh. Tá na straitéisí seo neamhfhoirmiúil tríd is tríd agus oibríonn siad ar leibhéal pearsanta agus ranga. Go minic tugtar aitheantas d'obair agus d'éachtaí na ndaltaí ar leibhéal uile scoile.

*In Gaelscoil Bheanntraí we try to focus on affirmation of positive behaviour-encouraging and rewarding same where possible. We have outlined a number of strategies to help achieve this. By their nature, these strategies are generally incidental. There are many times also when a pupil's achievement and work are acknowledged on a whole school level.*

| | |
|---|---|
| • Focal Molta | • Quiet word/gesture of approval |
| • Nóta sa dialann | • Note in Homework Journal |
| • Cuairt ar rang eile nó ar an bPríomhoide le haghaidh moladh | • Visit to another class or Principal for commendation |
| • Moladh sa rang | • Praise in class |
| • Duaiseanna ranga | • Individual rewards in-class: merit-points, awards, award stamps |
| • Obair ar taispeáint | • Work displayed publicly |
| • Dualgais Speisialta | • Special privileges or responsibilities |

| | |
|---|---|
| • Nóta chuig tuismitheoir | • Note to parents |
| • Aitheantas ag Tionól | • Recognition at Assembly |

## 7. AN CÓRAS SMACHTA – DISCIPLINARY MEASURES

### (i) An Cur Chuige sa Rang – *Classroom Strategies*

*The following represents the normal sequence of sanctions but this may vary depending on individual circumstances.*

| | |
|---|---|
| (a) <u>Plé</u><br>Dul chun réasúin leis an ndalta | *<u>Discussion</u>*<br>*Reasoning with the pupil* |
| *(b) <u>Comhairle</u>*<br>*Comhairle a leasa a thabhairt don pháiste* | *<u>Advice</u>*<br>*Advice re appropriate behaviour* |
| *(c) <u>Smachtbhannaí</u>*<br>• Focal Ceartúcháin<br>• Obair a dhéanamh timpeall na scoile<br>• Obair breise a leagan amach<br>• An dalta a scarúint go sealadach óna p(h)iarghrúpa<br>• Pribhléidí a bhaint de/di<br>• Iarrtar ar an ndalta nóta a scríobh faoin eachtra agus é a fháil sínithe ag tuismitheoir<br>• Coimeádtar tuairisc faoin ndroch-iompar<br>• Cuirtear scéal chuig an bPríomhoide<br>• Obair bhaile breise | *<u>Sanctions</u>*<br>• *Verbal reprimand*<br>• *Carrying out tasks within school*<br>• *Additional work prescribed*<br>• *Temporary separation from peers*<br>• *Loss of privileges*<br>• *The child is required to write a note, which is to be signed by a parent, regarding the incident*<br>• *Misbehaviour recorded*<br>• *Report sent by class teacher to School Principal*<br>• *Extra homework* |

### (ii) Idirghabháil an Phríomhoide – *Intervention of Principal*

| | |
|---|---|
| (a) <u>Comhairle</u> | *<u>Advice</u>* |
| • Comhrá leis an ndalta | • *General talk to pupil* |
| • Ceartúcháin | • *Reprimanding* |
| (b) <u>Smachtbhannaí</u> | *<u>Sanctions</u>* |
| • Obair breise a leagan amach | • *Additional work prescribed* |
| • Pribhléidí a bhaint de/di | • *Loss of privileges* |
| • Tuairisc a choimeád ar dhroch-iompar tromchúiseach | • *Serious misbehaviour is recorded* |
| • Foláireamh ó bhéal a thabhairt | • *Verbal warning to pupil* |
| (c) <u>Tuismitheoirí</u> | *<u>Parents</u>* |
| • Tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomhoide, cuirfidh an Múinteoir Ranga litir fhoirmiúil chuig na tuismitheoirí. | • *Formal letter to parents from Class Teacher following communication with Principal* |

**(iii) Litreacha Rabhaidh – *Warning Notices***

Tá gá le smachtbhannaí chun míshástacht i leith iompair nach féidir glacadh leis a chur in iúl. Is córas grádaithe smachtbhanna é seo a leanas a chuirfear i bhfeidhm i gcás mí-iompair bheagchúisigh a tharlaíonn go minic nó i gcás mí-iompair thromchúisigh. Tá solúbthacht ag baint leis an gcóras seo áfach chun go gcuirfí tosca gach dalta ar leith san áireamh. Dá réir sin, is féidir ord na smachtbhannaí a athrú más gá i gcásanna mí-iompair thromchúisigh.

*There is a need for sanctions to register disapproval of unacceptable behaviour. The following is a graded system of sanctions which will be implemented in cases of repeated instances on minor misbehaviour and in the event of serious misbehaviour. However this system does contain a degree of flexibility to take account of individual circumstances. Accordingly the sequence can also be varied in cases of gross misconduct.*

| **A. Foláireamh Ranga** | ***Class Warning*** |
|---|---|
| An chéad fhógra chuig tuismitheoirí ón Múinteoir Ranga | *Early warning notice to parents from Class Teacher* |
| **B. Foláireamh ón bPríomhoide** | ***Warning from Principal*** |
| Litir Rabhaidh chuig tuismitheoirí ón bPríomhoide | *Warning Notice to parents from School Principal.* |
| **C. An Foláireamh Deireanach** | ***Final Warning*** |
| Sa bhfógra deireanach ón bPríomhoide, iarrfar ar tuismitheoirí teacht go dtí an scoil gan mhoill. | *Final warning notice from School Principal requires parents to visit school as a matter of urgency.* |

Chun a chinntiú go bhfaighidh tuismitheoirí na Litreacha Rabhaidh thuasluaite ní mór do thuismitheoirí iad a shíniú agus a chur ar ais chuig an bPríomhoide. Muna síníonn an tuismitheoir an nóta, cuirfear tríd an bpost é chomh maith le glaoch ón bPríomhoide chun é seo a mhíniú.

*To ensure that parents receive the above Warning Notices, all notices must be signed by parents and returned to the School Principal. If a note is not signed by a parent, it will be re-sent in the post, followed by a phone call from the Principal to explain the need for such action.*

**(iv) Díbirt – *Expulsion***

I bhfíordhroch-chás déanfar machnamh ar dhalta a dhíbirt as an scoil de réir téarmaí rialach 130(b) de an Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta.

*Expulsion may be considered in an extreme case, in accordance with Rule 130(b) for the Rules for National Schools.*

### (v) Ceart Athomhairc - *Right of Appeal*

I ngach cás maidir le dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil, tá sé de cheart ag an thuismitheoirí nó ag na caomhnóirí achomharc a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta.

*In all cases involving the suspension or expulsion of a pupil, the parents or guardians have a right of appeal to the Board of Management.*

## 8. Roimh/Tar éis Scoile – *Before and After School*

Cuirtear i gcuimhne do thuismitheoirí nach nglacann foireann na scoile freagracht do dhaltaí roimh oscailt oifigiúil na scoile ar 08:40 nó i ndiaidh ama scoile ag 14:30 seachas ghníomhaíochtaí eis-churaclama eagraithe ag an scoil agus le cead an Bhoird Bainistíochta. Beidh rialacha na scoile agus an Cód Smachta i bhfeidhm do dhaltaí tar éis scoile sna cásanna sin. Iarrtar ar thuismitheoirí Naíonáin Bheaga na páistí a thionlacan go dtí an seomra ranga gach maidin.

*Parents are reminded that the school does not accept responsibility for pupils before the official opening time of 08:40 or after 14:30 except for after-school activities, organised by the school, with the approval of the Board of Management. The standards and rules of the Code of Behaviour also apply to pupils in such situations. Parents of Junior Infants should accompany children to the classroom each morning.*

## 9. Gutháin Phóca – *Mobile Phones*

Bíonn guthán so-ghluaiste ag leanaí uaireanta, le cead óna dtuismitheoirí. Ní bheidh na gutháin ag teastáil i rith ama scoile. Má bhíonn gá glaoch a chur, déanfar ón oifig é.

*We understand that some parents wish that their children have mobile phones. Pupils are prohibited from using mobile phones at school and should it be necessary for a pupil to make a telephone call, the school telephone may be used with the permission of the Principal.*

Tá na rialacha seo a leanas i bhfeidhm chun tacú le haidhmeanna an Chóid Smachta a chomhlíonadh.

*The following rules are implemented to support the Code of Discipline so that both teachers and pupils can work in a disruption-free environment.*

- **Molaimid do pháistí na gutháin a fhágaint sa bhaile**
  ***We recommend that pupils should leave mobile phones at home***

- Má thagann aon dalta ar scoil le gutháin póca, **caithfidh sé/sí** é a casadh amach. Ar mhaithe le Cosaint Leanaí agus chun cur le sábháilteacht daltaí na scoile, beidh ar na páistí an gutháin a thabhairt don Rúnaí gach maidin agus déanfaidh sí iad a chur i dtaisce don lá in oifig an Rúnaí. Beidh cead ag daltaí na gutháin a thógaint

arís ag am scoir agus ní bheidh cead iad a úsáid go dtí go mbeidh siad **taobh amuigh de gheata na scoile**.

*Students who bring a mobile phone to school must ensure it is powered off. In the interests of Child Protection and the need to ensure the safety of all pupils in the school, the pupils will give the phone to the secretary each morning and they will be stored in the secretary's office for the school day. Pupils may take their phones at the end of the school day and should not use them until they are **outside the school grounds**.*

- Má úsáidtear guthán póca i slí mícheart, tógfar é agus cuirfear chuig Oifig and Phríomhoide é. Beidh ar thuismitheoir glaoch isteach chun é a fháil.

  *Any mobile phone used in an improper way will be taken and sent to the Principal's office. A parent may call to the office to collect same which will be returned, upon acceptable assurance from the parent that the phone will not be used in the future in a manner that contravenes school policy.*

- Ní ghlacann an scoil freagracht ar bith d'aon guthán a bhrisfear nó a rachaidh ar strae laistigh den scoil.

  *The school accepts no responsibility for any mobile phone lost or damaged within school environs.*

## 10. Rólanna agus Dualgaisí – *Roles and Duties*

A. <u>Bord Bainistíochta</u> *<u>Board of Management</u>*

- Timpeallacht sábháilte, compórdach a chur ar fáil
- Tacú leis an bPríomhoide agus foireann na scoile an polasaí a chur i bhfeidhm
- An Cód a dhaingniú
- Meas a thaispeáint ar bhaill uile de phobal na scoile

- *Provide a comfortable, safe environment*
- *Support the Principal and Staff in implementing the policy*
- *Ratify the Policy*
- *Show respect for all members of the school community*

B. <u>An Príomhoide</u> *<u>Principal</u>*

- Atmáisféar dearfach sa scoil a chruthú
- Cinntiú go gcuirfear an Cód Smachta agus Riailbhéasa i bhfeidhm go cothrom agus go leanúnach
- Athbhreithniú ar an gCód a eagrú, más gá
- Meas a thaispeáint ar bhaill uile de phobal na scoile
- *Promote a positive climate in the school*

- *Ensure the Code of Behaviour is implemented in a fair and consistent manner*
- *Arrange for a review of the code, as required*
- *Show respect for all members of the school community*

C. Múinteoirí *Teachers*

- Timpeallacht sábháilte a chruthú do gach dalta
- Dea-obair a aithint agus a mholadh
- Obair do pháistí a eagrú agus a cheartú
- Forbairt iomlán an linbh a chur chun cinn
- Déileáil le drochiompar i gceart
- Teangmháil a dhéanamh le tuismitheoirí más gá agus tuairiscí a chur ar fáil
- Meas a thaispeáint ar bhaill uile de phobal na scoile

- *Create a safe environment for each pupil in line with school policy*
- *Recognise and affirm good work*
- *Prepare work and correct work done by pupils*
- *Promote the holistic development of each child*
- *Organise in-class discipline so as to avoid misbehaviour*
- *Contact parents should the need to do so arise*
- *Show respect for all members of the school community*

D. Daltaí *Pupils*

- Rialacha ranga agus rialacha scoile a leanúint sa scoil is ar scoil arlíne
- Bheith ar scoil gach lá in am
- Éisteacht lena múinteoirí agus treoracha/comhairle a leanúint
- Gaeilge a labhairt ar scoil
- Gan aon rud a dhéanamh a chuirfeadh daoine eile i mbaol
- Gan drochtheanga a úsáid agus gan drochainm a ghlaoch ar éinne
- Ligint le gach duine gur suim leo bheith páirteach i gcluichí agus gníomhaíochtaí
- Leabhair agus fearas scoile a thabhairt ar scoil
- Meas a thaispeáint ar bhaill uile de phobal na scoile

- *Follow school and class rules both in school and attending online*
- *Attend school punctually each day*
- *Listen to teachers and follow instructions/advice*
- *Speak Irish when at school*
- *Avoid behaviour that would endanger others in any way*
- *Avoid nasty remarks, bad language or name-calling*
- *Include all other pupils in games and activities*
- *Bring correct books/material to school*
- *Show respect for all members of the school community*

E. Tuismitheoirí/Caomhnóirí *Parents/Guardians*

- Cinntiú go mbeidh leanaí ar scoil gach lá in am ar 08:50 agus bailithe in am ar 14:30
- Leanaí a mholadh chun go mbeidh meas acu orthu féin, ar dhaoine eile agus ar shealúchas dhaoine eile
- Tacaíocht agus moladh a thabhairt dá leanaí go mbeidh suim acu ina gcuid oibre scoile
- Eolas a bheith acu ar an 'gCód Riailbhéasa agus Smachta' agus cabhrú le cur i bhfeidhm an pholasaí sin
- Comhoibriú le múinteoir i gcásanna go bhfuil aon fhadhb le réiteach
- An scoil a choimeád ar an eolas má tharlaíonn aon rud a chuireann isteach ar dul chun cinn nó iompar an pháiste
- Meas a thaispeáint ar bhaill de phobal na scoile
- Tiomáint go mall agus go cúramach i gcarrchlós na scoile chun páistí a choimeád sábháilte.
- Pé socrú /polaisí ***ar leith*** atá deimhnithe leis an scoil i dtaobh sábháilteachta/leighis &rl a chomhlíonadh ar mhaithe an linbh

- *Ensure that children attend school punctually each day at 08:50 and are collected at 14:30.*
- *Encourage children to have respect for themselves, for others and for the possessions of others*
- *Co-operate with teachers when difficulties arise*
- *Communicate with the school in relation to any problems that arise which may affect a child's progress/behaviour*
- *Show respect for all members of the school community*
- *Drive slowly and carefully into the school carpark to keep the children safe.*
- *Fulfill all special policy/arrangements agreed with the school re safety/medicines etc*

11. Teagmháil idir múinteoirí agus tuismitheoirí *Parent/Teacher contact*

Tá ról an-tábhactach ag tuismitheoirí i múnlú dearcaidh a chothaíonn dea-iompar ar scoil. Cuirtear fáilte roimh tuismitheoirí sa scoil i gcónaí agus iarrtar orthu glacadh le gach deis chun lánúsáid a bhaint as na bealaí cumarsáide foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a chuireann an scoil ar fáil dóibh. Eagraítear cruinnithe le múinteoirí uair sa bhliain ach is féidir bualadh le múinteoir chun forbairt, iompar is dul chun cinn an linbh aon am eile i gcaitheamh na bliana, ach coinne a shocrú roimh ré.

*Parents play a crucial role in shaping the attitudes which produce good behaviour in school. Parents are always welcome in the school and are encouraged to take full advantage of all formal and informal channels of communication made available by the school. Individual parent/teacher meetings are organised once a year. However it is possible to meet a teacher at any time during the year, provided an appointment has been arranged in advance to discuss issues which may arise pertaining the child's development, behaviour and progress.*

Tá an Cód Riailbhéasa agus Smachta leagtha amach de réir Imlitreach 20/90 na Roinne Oideachais agus Scileanna agus **'Cód Smachta A Chruthú : Treoirlínte do Scoileanna' (B.N.L.D. 2008).** Beidh sé de cheart ag an bPríomhoide agus ag an mBord Bainistíochta Rialacha na Scoile a athrú amach anseo, dá dtárlódh sé go mbeadh gá lena leithéid.

*The Code of Behaviour and Discipline document has been drawn up in accordance with Department of Education and Skills Guidelines (Circular 20/90) and **'Developing a Code of Behaviour : Guidelines for School' (N.E.W.B. 2008)**. The Principal and the Board of Management reserve the right to amend the School Rules if necessary.*

**Athbhreithniú** ***Review***

| *Dáta* | *Gníomh* | *Déanta ag* |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |